










# Athrú Uimh.1

# Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029

## Imleabhar 2

Roinn Pleanála,
Comhairle Chontae Chill Dara,
Áras Chill Dara,
Páirc Uí Dhubhuí, An Nás,
Co. Chill Dara W91 X77F

D'ullmhaigh Foireann Réamhphleanála Chomhairle Chontae Chill Dara an tuarascáil seo.

# Brollach

Mar údarás pleanála, tugann Comhairle Contae Chill Dara fógra de bhun Alt 13(2) den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (Leasú) d'*Athrú Beartaithe Uimh. 1: Plean Lonnaíochta Chill Chuilinn de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023 - 2029.*

Beidh an tAthrú Beartaithe fite fuaite in Imleabhar 2 (Straitéis um Bhailte agus Sráidbhailte) *Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029*.

## Cúis le hAthrú Beartaithe Uimh.1: Plean Lonnaíochta Chill Chuilinn

Soláthróidh an tAthrú molta Plean Lonnaíochta do Chill Chuillinn le cur in ionad *Phlean Ceantair Áitiúil Chill Chuillinn 2014 – 2020* (LAP) atá imithe in éag, lena n-áireofar ráiteas i scríbinnn agus cuspóirí mapáilte chun creat beartais pleanála comhleanúnach a sholáthar do Chill Chuillinn chun pleanáil agus forbairt inbhuanaithe an bhaile a threorú. Tá an Plean Lonnaíochta ar aon dul le spriocanna fáis agus cuspóirí beartais reatha Náisiúnta, Réigiúnacha agus Contae, lena n-áirítear spriocanna Croí-Straitéise an Phlean Forbartha Contae 2023-2029. Tugann an Plean Lonnaíochta deis athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí criosaithe úsáide talún atá ann faoi láthair ag cinntiú go nglactar cur chuige seicheamhach i leith na forbartha atá le teacht agus go bhfuil sé ag teacht le treoirlínte fáis dlúth (NPO 3c).

## An tAthrú Beartaithe

An *tAthrú Beartaithe Uimh.1:* Beidh Ráiteas i Scríbhinn agus Cuspóirí Mapáilte mar chuid de Phlean *Lonnaíochta Chill Chuilinn* de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029. Tacaíonn na tuarascálacha comhshaoil seo a leanas leis an Athrú Beartaithe:

- Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí (MC) de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach 92/43/EEC),
- Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta de bhun Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta) 2004 - 2011.
- Tuarascáil leasaithe ar Mheasúnú Straitéiseach Riosca Tuile (SFRA) ar Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029, de bhun Alt 28 den *Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000* (arna leasú); agus
- Straitéis Bainistíochta um Uisce Dromchla (SBUD) do cheantar Phlean Lonnaíochta Chill Chuilinn.

Teastóidh leasuithe iarmhartacha ar Imleabhar 1 leis an Athrú Beartaithe: Ráiteas i Scríobhinn agus Imleabhar 2: Bailte Beaga, Purláin, Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023 – 2029. Áirítear leis na leasuithe a ionchorpraítear alt nua a chur isteach in Imleabhar 2A, Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn a chloífidh le prionsabail chomhchosúla agus creat reatha na bPleananna Bailte Beaga atá leagtha amach in Imleabhar 2 atá ann cheana féin. Ba chóir na tuarascálacha agus na hathruithe seo a leanas a léamh in éineacht leis na tuarascálacha comhshaoil atá leagtha amach thuas.

Taispeánfar na nithe atá beartaithe a ~~scriosadh faoi cló dearg~~ agus cuirfear isteach an t-iontráil bheartaithe faoi *chló iodálach glas.*

# Leasuithe Beartaithe

## Imleabhar 1: Ráiteas i Scríbhinn

Moltar na leasuithe seo a leanas

**Caibidil 2: Croí-Straitéis**

~~**CS O9** Punann de Phleananna Limistéir Áitiúil (LAPanna) a athbhreithniú agus a ullmhú ar bhonn leanúnach do na lonnaíochtaí éigeantacha LAP (agus a phurláin, nuair is cuí) an Nás, Maigh Nuad, Droichead Nua, Léim an Bhradáin, Cill Dara, Baile Átha Í, Cill Droichid, Cill Choca, Mainistir Eimhín, Na Solláin, Claonadh agus Cill Chuillinn de réir chuspóirí an Phlean Forbartha Contae agus gach Treoir Aireachta ábhartha Alt 28.~~

**CS O9** A chinntiú go bhfuil pleananna lonnaíochta cothrom le dáta (sainiúil le socrú trí athbhreithniú/athrú ar an bPlean Forbartha Contae) i bhfeidhm do na lonnaíochtaí sin i gContae Chill Dara sa Ghrádlathas Lonnaíochta de réir oibleagáidí na reachtaíochta pleanála agus de réir oibleagáidí cuí an *Treoir Aireachta*, cuspóirí pleanála réigiúnacha, agus an Plean Forbartha Contae.

**Caibidil 5: Soghluaisteacht Inbhuanaithe & Iompar**

~~**Caibidil 5 Soghluaisteacht Inbhuanaithe & Iompar**~~
~~TM A2 Pleananna Iompair Áitiúil (LTPanna)/ Measúnachtaí Iompair Ceantarbhunaithe (ABTA)5 a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú (nuair is cuí) do gach ceann de na lonnaíochtaí LAP reachtúla6 i gContae Chill Dara i gcomhairle le TII agus an NTA, bunaithe ar na treoirlínte ABTA seo a leanas. arna fhoilsiú ag TII/NTA – ABTA 'Treoraí', Modheolaíocht Phíolótach (Meán Fómhair, 2021) agus an Nóta Comhairle um Measúnú Iompar Ceantarbhunaithe (Nollaig, 2018). Áireoidh LTPanna/ABTAanna na tosaíochtaí iompair do gach lonnaíocht i dtéarmaí bonneagair agus seirbhísí iompair phoiblí; infheistíocht rothaíocht; feabhsuithe ar an dtimpeallacht coisithe; bearta páirceála agus feabhsúcháin bóithre. Ní mór LTPanna/ABTAanna a fhorbairt chun creat a sholáthar chun freastal ar ghluaiseacht coisithe, rothaithe, seirbhísí iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha atá ailínithe le hordlathas na n-úsáideoirí agus na spriocanna aistrithe modha atá leagtha amach sa Phlean seo. Ba cheart go mbeadh Cuspóirí Inrochtaineachta agus Gluaiseachta na bPleananna Ceantair Áitiúil bunaithe ar LTPanna/ABTAanna ábhartha~~
~~6An Nás, Maigh Nuad, An Droichead Nua, Cill Droichid, Léim an Bhradáin, Baile Átha Í, Cill Choca, Baile Chill Dara, Claonadh, Mainistir Eimhín, Cill Chuillinn agus **Na Solláin**~~

**TM A2** Straitéisí iompair agus soghluaisteachta a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú (nuair is cuí) le haghaidh gach lonnaíochta ar comhréir lena scála agus lena gcastacht chun bonn fianaise a sholáthar do chuspóirí agus do ghníomhaíochtaí a chuimsítear i

bpleananna lonnaíochta. Ullmhófar Pleananna Iompair Áitiúla (LTPanna)/ Measúnachtaí Iompair Ceantarbhunaithe (ABTAnna) do na Príomhbhailte agus lonnaíochtaí Bailte Fáis Féinchothaithe i gContae Chill Dara i gcomhairle le TII agus an NTA. Bainfidh lonnaíochtaí níos lú leas as ullmhú Straitéise Iompair agus Soghluaisteachta chun tacú lena bpleananna agus cuspóirí/gníomhartha lonnaíochta. Forbrófar straitéisí iompair agus soghluaisteachta chun creat a sholáthar do ghluaiseacht coisithe, rothaithe, seirbhísí iompair phoiblí agus feithiclí príobháideacha atá ailínithe le hordlathas na n-úsáideoirí agus na spriocanna aistrithe modha atá leagtha amach sa Phlean seo. Áireofar le straitéisí iompair agus soghluaisteachta bearta do choisithe, do rothair, do bhonneagar agus do sheirbhísí iompair phoiblí, feabhsú dorchla bóithre/sráid, bainistíocht éilimh agus bainistíocht lasta. Ullmhófar LTPanna/ABTAanna i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta cuí, amhail an ‘Treoraí’ ABTA, Modheolaíocht Phíolótach (Meán Fómhair, 2021) agus an Nóta Comhairle um Measúnú Iompar Ceantarbhunaithe (Nollaig, 2018) arna fhoilsiú ag NTA/TII.

## Imleabhar 2: Bailte Beaga, Purláin, Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe

Áireofar leis an Athrú beartaithe cruthú agus cur isteach ar leithligh *Imleabahr 2A, Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn*. Soláthraíonn sé seo straitéis lonnaíochta le téacs, táblaí, cuspóirí agus cuspóirí mapáilte gaolmhara (lena n-áirítear cuspóirí criosaithe talamhúsáide).

Athruithe de bharr Imleabhar 2A a áireamh: Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn lastigh de *Imleabhar 2:* Tá *Bailte Beaga, Purláin, Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe* san áireamh freisin mar leasuithe beartaithe ar an bplean forbartha (lena n-áirítear tagairtí laistigh de bheartas, cuspóirí, táblaí, téacs tacaíochta agus léarscáileanna).

Tá leasuithe beartaithe ar na ranna seo a leanas d’Imleabhar 2:

Teideal Imleabhar
V2 Ábhair
V2 / 2.1.1 Brollach
V2 2.1.2 Cúlra
V2 2.1.4 Straitéis Forbartha do Bhailte Beaga
V2 2.1.6 Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile (SFRA)
V2 2.1.8 Pleananna na bPurlán Bailte Beaga

Athainmnigh teideal imleabhar an Phlean Forbartha Contae.

Imleabhar 2: Pleananna Lonnaíochta

~~Imleabhar 2: Bailte Beaga, Purláin, Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe~~

Nuashonraigh Clár na nÁbhar mar seo a leanas:

**Clár ábhair**

Leasaigh Tábla na nÁbhar atá ann cheana - Roinn 2

## 2. PLEANANNA NA bPURLÁN & BAILTE BEAGA

**2.1 Bailte Beaga**
**2.2 Díseart Diarmada**
**2.3 Doire an tSoirn**
**2.4 An Chill**
**2.5 An Chorrchoill**
**2.6 Ráth Iomgháin**
**2.7 ~~Purláin Baile na Mná Maithe~~ Chill Chuillinn**
**2.8 ~~Purláin Baile Coimín~~ Purláin Baile na Mná Maithe**
**2.9 ~~Léarscáileanna de na bailte beaga~~ Purláin Baile Coimín**
**2.10 ~~Léarscáileanna Purláin~~ Léarscáileanna de na bailte beaga**
**2.11 Léarscáileanna Purláin**

Leasaigh agus cuir isteach Alt nua (Imleabhar 2A) i ndiaidh Alt **3. Sráidbhailte agus Lonnaíochtaí Tuaithe**

**Imleabhar 2A – Plean Lonnaíochta Chill Chuillinn**

*Bollach Nuashonraithe, mar seo a leanas:*

**V2 1.1 Brollach**

Leasaigh an t-alt in Alt 1.1 mar a leanas:

Chun críche Imleabhar 2 ní bheidh bailte ~~Chill Chuillinn~~, Na Solláin agus Claonadh san áireamh mar chuid de na Bailte Beaga mar go bhfuil Plean Ceantair Áitiúil ullmhaithe do gach ceann de na lonnaíochtaí seo. Áireofar gach baile, sráidbhaile agus lonnaíocht eile, mar a shainaithnítear thuas, in Imleabhar 2, Imleabhar 2A, Pleananna Phurláin Bhaile Coimín agus Bhaile na Mná Maithe in Imleabhar 2 freisin.

**V2 2.1 Bailte Beaga**

**V2 2.1.1 Cúlra**

Cuir an mhír seo a leanas in ionad Roinn 2.1.1

~~Faoin Straitéis Lonnaíochta, tá Díseart Diarmada, Doire an Tornáin, An Chill, An Chorrchoill agus Ráth Iomgháin ainmnithe mar bhailte. Na Solláin agus Cill Chuillinn, daonraí taifeadta i nDaonáireamh 2016 de 5,849 agus 3,710 faoi seach, agus sainítear iad mar bhailte freisin. Mar gheall ar a leibhéil daonra reatha mar aon leis an leibhéal fáis sa dá bhaile seo san idirthréimhse, áfach, beidh bailte na Solláin agus Chill Chuillinn fós á rialú ag LAPanna aonair. Tá cuspóirí criosaithe gaolmhara ag gach plean baile beag agus pléitear leis seo sa mhaitrís criosaithe úsáide talún i dTábla 2.4 den chaibidil seo (féach thíos).~~

Faoin Straitéis Lonnaíochta, tá Díseart Diarmada, Doire an Tornáin, Chill Chuillinn, An Chill, An Chorrchoill agus Ráth Iomgháin ainmnithe mar bhailte. Thaifead na Solláin daonra i nDaonáireamh 2016 de 5849 agus tá sé ainmnithe mar bhaile freisin. Mar gheall ar an leibhéal daonra atá ann faoi láthair mar aon leis an leibhéal fáis a tharla san idirthréimhse, áfach, beidh na Solláin fós á rialú ag a

LAP aonair. Tá cuspóirí criosaithe gaolmhara ag gach plean baile beag agus pléitear leis seo sa mhaitrís criosaithe úsáide talún i dTábla 2.4 den chaibidil seo (féach thíos).

**V2 2.1.4 Straitéis Forbartha do Bhailte Beaga**

Leasaigh Tábla 2.1 – Cumas Forbartha na mBailte Beaga

| Bailte Beaga | Daonáireamh 2016 | Meastachán Daonra 2021 (bunaithe ar % fáis ó 2011-2016 | Sprioc Daonra 2023 go 2028 (deireadh R4) (daoine) | Sprioc Tithíochta 2023 go 2028 (deireadh R4) (aonaid) de réir HSTGanna | Ceanglas Talún Criosaithe Cónaithe (ha) | Spriocdhlús Cónaitheach (UPH) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Díseart Diarmada** | 1,475 | 1560 | 126 | 46 | 2 | 30-35 |
| **Doire an tSoirn** | 1,602 | 1695 | 151 | 55 | 2 | 30-35 |
| **An Chill** | 3,348 | 3,542 | 327 | 119 | 3 | 35-40 |
| **An Chorrchoill** | 2,333 | 2,468 | 251 | 91 | 3 | 30-35 |
| **Ráth Iomgháin** | 2,611 | 2,762 | 226 | 82 | 3 | 30-35 |
| **Cill Chuillinn** | **3,710** | **3,925** | **629** | **229** | **8** | **35-40** |

**V2 2.1.6 Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile (SFRA)**

Leasaigh Alt 2.1.6

Tá tailte laistigh dá gceantair Phlean sna Pleananna do Dhroichead Diarmada, Doire an tSoirn, An Chill, An Chorrchoil, ~~agus~~ Rath Iománáin agus Cill Chuillinn a bheidh ina n-ábhar do mheasúnú riosca tuilte sainsuíomh a oireann do chineál agus scála na forbartha atá á beartú.

**V2 2.1.8 Bailte Beaga agus Pleananna Purláin**

Leasaigh an téacs in Alt 2.1.8

Cuimsíonn Altanna 2.2 – 2.~~6~~ 7 na pleananna aonair de gach Baile Beag agus cuimsíonn Alt 2.~~9~~ 10 léarscáileanna criosaithe agus oibiachtúla gach Baile Beag. Féach Imleabhar 2A den doiciméad seo le haghaidh an phlean aonair, na cuspóirí criosaithe agus na léarscáileanna a bhaineann leo d'Alt 2.7 Plean Chill Chuillinn). Ba chóir na pleananna agus na léarscáileanna seo a léamh in éineacht leis an gcuid seo agus Táblaí 2.2, 2.3 agus 2.4 (féach thíos).

Roinn 2.2; Plean Díseart Diarmada
Roinn 2.3; Plean Doire an tSoirn
Roinn 2.4; Plean An Chill
Roinn 2.5; Plean An Chorrchoill
Roinn 2.6; Plean Ráth Iomgháin
Roinn 2.7; Plean Chill Chuillinn

## Tábla 2.2– Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún do Bhailte Beaga

Leasaigh agus cuir isteach cuid nua sa tábla atá ann cheana Tábla 2.2

| Ref | Úsáid | Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún |
|---|---|---|
| **N** | **Ionad Comharsanachta** | **Soláthar a dhéanamh d'ionaid chomharsanachta nua/atá ann cheana agus áiseanna gaolmhara.**<br><br>**Nóta: Tá sé i gceist go bhfreastalódh ionaid chomharsanachta ar riachtanais láithreacha na gcónaitheoirí agus na n-oibrithe áitiúla agus níor cheart go mbeadh siad in iomaíocht le húsáidí miondíola comhchosúla laistigh de lár an bhaile.** |

## Tábla 2.4 – Bailte Beaga – Maitrís Chriosaithe Úsáide Talún

Leasaigh agus cuir isteach cuid nua sa tábla atá ann cheana Tábla 2.4. Fonótaí a leasú dá réir sin ar fud an doiciméid chun athruithe a léiriú.

| Úsáid Talún | N: Ionad Comharsanachta |
|---|---|
| Stua Siamsaíochta | N |
| Carrchlós | N |
| Seid Eallaigh /Aonad Slaite /Teach Broiler | N |
| Reilig | N |
| Foirgnimh Phobail / Áineasa / Spóirt | O |
| Naíolann / Naíonra | Y |
| Úsáidí Cultúrtha / Leabharlann | O |
| Damhsa / Disco | N |
| Áit chónaithe | O |

| | |
|---|---|
| Tithe Sochraide | O |
| Garáiste / Deisiúchán Gluaisteán | N |
| Teach Aíochta / Óstán / Brú | O |
| Páirc Feithiclí Trom Tráchtála | N |
| ia Te Tóg Amach | O |
| Tionscal Éadrom | N |
| Comhairleach Leighis / Ionad Sláinte | Y |
| Díolacháin Mótair | N |
| Teach Altranais / Sráidbhaile Scoir | N |
| Oifigí | O |
| Páirc/ Clós Súgartha | O |
| Stáisiún Líonta Breosla agus úsáidí coimhdeacha gaolmhara | O |
| Áiteanna Adhartha | O |

| | |
|---|---|
| Réimsí Imeartha | N |
| teach tábhairne | O |
| Bialann | O |
| Scoil | N |
| Siopa (Comparáid) | N |
| Shop (Convenience) | O[1] |
| Clós Cobhsaí | N |
| Áiseanna a Bhaineann le Turasóireacht | O |
| Struchtúir Fóntais | O |
| Stóras (Mórdhíola) / Store / Iosta | N |
| Ceardlanna | N |

[1] Ní sháróidh aon aonad aonair 200m2 de ghlanspás miondíola faoi réir uaslíon trí aonad. Ní rachaidh an glanspás miondíola iomlán thar 300sqm.

## Leasuithe neamhábhartha ar cheannteidil na Rann mar seo a leanas, de dhroim “Plean Chill Chuillinn” a áireamh

### V 2 2.7 Purláin Baile na Mná Maithe

Cuir an ceannteideal seo a leanas agus an téacs gaolmhar ina ionad agus leasaigh Roinn 2.7;

### V 2 2.7 ~~Plean Purláin Baile na Mná Maithe~~ Chill Chuillinn

**Féach Imleabhar 2A le haghaidh sonraí iomlána ar Phlean Lonnaíochta Chill Chuillinn agus ar na léarscáileanna cuspóirí úsáide talún a bhaineann leis.**

### V 2 2.8 Purláin Baile Coimín

Leasaigh agus cuir na cinn seo a leanas ina ionad, lena n-áirítear buntéacs, uimhriú agus táblaí gaolmhara;

### V 2 2.8 ~~Purláin Baile Coimín~~ Purláin Baile na Mná Maithe

### V 2 2.9 Léarscáileanna de na bailte beaga

Leasaigh agus cuir na cinn seo a leanas ina ionad, lena n-áirítear buntéacs, uimhriú, léarscáileanna agus táblaí gaolmhara;

### V 2 2.9 ~~Léarscáileanna de na bailte beaga~~ Purláin Baile Coimín

### V 2 2.10 Léarscáileanna Purláin

Leasaigh agus cuir na cinn seo a leanas ina ionad, lena n-áirítear buntéacs, uimhriú, léarscáileanna agus táblaí gaolmhara;

## V 2 2.10 ~~Léarscáileanna Purláin~~ Léarscáileanna de na bailte beaga

**Cuir isteach fo-alt nua, lena n-áirítear buntéacs, léarscáileanna agus táblaí gaolmhara;**

## V 2 2.11 Léarscáileanna Purláin